C/2025/988

13.2.2025

FÓGRA ÓN GCOIMISIÚN

Treoirlínte léirmhínitheacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 4 agus 6 de Rialachán (AE) 2022/1280 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta sonracha sealadacha, i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin, a bhaineann le doiciméid tiománaí arna n-eisiúint ag an Úcráin i gcomhréir lena reachtaíocht, i ndiaidh an tsínte tar éis an 6 Márta 2025 a cuireadh le tréimhse na cosanta sealadaí i gcás daoine a easáitíodh ón Úcráin

(C/2025/988)

1. **Réamhrá**

Tháinig Rialachán (AE) Uimh. 2022/1280 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) i bhfeidhm an 27 Iúil 2022. Leagtar síos leis bearta áirithe maidir le doiciméid tiománaí arna n-eisiúint ag an Úcráin i gcomhréir lena reachtaíocht agus atá i seilbh ag daoine a bhfuil cosaint shealadach nó cosaint leordhóthanach acu faoin dlí náisiúnta i gcomhréir le Treoir 2001/55/CE ón gComhairle ([2]) agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle ([3]). I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2022/1280, scoireann an Rialachán sin d'fheidhm a bheith aige an lá i ndiaidh an lae a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse a gcuirtear cosaint shealadach i ndáil le daoine easáitithe ón Úcráin i bhfeidhm, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2001/55/CE, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir sin.

Soláthraítear leis na treoirlínte léirmhínitheacha sin léirmhíniú an Choimisiúin ar Airteagail 4 agus 6 de Rialachán (AE) 2022/1280, i bhfianaise an tsínte tar éis an 6 Márta 2025 a cuireadh le tréimhse na cosanta sealadaí i gcás daoine a easáitíodh ón Úcráin. Tá siad beartaithe chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhsheasmhach Rialachán (AE) 2022/1280 a éascú, mar aon le cúnamh a thabhairt d'údaráis na mBallstát ina leith sin.

Ní chruthaíonn na treoirlínte sin aon riail reachtach nua. Thairis sin, cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir gurb í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amháin atá inniúil chun dlí an Aontais a léirmhíniú go húdarásach.

2. **Fad thréimhse na cosanta sealadaí**

Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 bunaíodh gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus tugadh isteach cosaint shealadach do na daoine easáitithe sin dá bhrí sin. I gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Threoir 2001/55/CE, deonaíodh an chosaint shealadach ar feadh tréimhse tosaigh bliana, go dtí an 4 Márta 2023, agus ansin cuireadh síneadh bliana breise léi go huathoibríoch go dtí an 4 Márta 2024. I gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir 2001/55/CE, chinn an Comhairle i mí Dheireadh Fómhair 2023 síneadh de bhliain amháin eile a chur le fad thréimhse na cosanta sealadaí go dtí an 4 Márta 2025 ([4]). Ós rud é gur lean na cúiseanna leis an gcosaint shealadach ar aghaidh, chinn an Comhairle i mí an Mheithimh 2024 síneadh de bhliain amháin eile arís a chur le fad thréimhse na cosanta sealadaí a thugtar do dhaoine a easáitíodh ón Úcráin go dtí an 4 Márta 2026 ([5]).

([1]) Rialachán (AE) 2022/1280 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2022 lena leagtar síos bearta sonracha sealadacha, i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin, a bhaineann le doiciméid tiománaí arna n-eisiúint ag an Úcráin i gcomhréir lena reachtaíocht (IO L 195, 22.7.2022, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1280/oj).

([2]) Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú isteach de dhaoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht chun cinn idir iarrachtaí idir Bhallstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/55/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/382/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2409 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2023 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 (IO L, 2023/2409, 24.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2409/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1836 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2024 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 (IO L, 2024/1836, 3.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1836/oj).

Dealraíonn sé gur measadh, nuair a glacadh Rialachán (AE) 2022/1280, gurbh é trí bliana an t-uasfhad a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh cosaint shealadach i ndáil le daoine easáitithe ón Úcráin, agus na sínte féideartha uirthi á gcur san áireamh de bhun Airteagal 4 de Threoir 2001/55/CE ([6]).

Le Rialachán (AE) 2022/1280 déantar foráil maidir le haitheantas a thabhairt i gcríoch an Aontais ar cheadúnais tiomána bhailí arna n-eisiúint ag an Úcráin agus atá i seilbh ag daoine a bhfuil cosaint shealadach nó cosaint leordhóthanach acu faoin dlí náisiúnta agus, faoi choinníollacha áirithe, maidir le doiciméid tiománaí shealadacha shonracha a eisiúint do na daoine sin. Chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a íoslaghdú agus chun athnuachaintí arís agus arís eile a sheachaint, cinneadh go mba cheart an dáta éaga is déanaí is féidir a bheith taifeadta ar na doiciméid tiománaí arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1280. Bhí an dáta sin beartaithe le comhfhreagairt don uasfhad a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh cosaint shealadach i ndáil le daoine easáitithe ón Úcráin, agus measadh ag am an ghlactha gurbh é an 6 Márta 2025 an dáta sin. I gcomhréir le hAirteagal 4(3) agus Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2022/1280, áfach, gan beann ar an dáta éaga atá taifeadta ar na doiciméid, tá a n-uastréimhse bailíochta le comhfhreagairt d'fhad na cosanta sealadaí nó na cosanta leordhóthanaí faoin dlí náisiúnta (ach amháin má tá ceadúnas tiomána ag an sealbhóir ar mhúnla an Aontais a bhfuil cód speisialta sealadach an Aontais '95.01' marcáilte air, dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2022/1280, agus má thagann deireadh níos luaithe le tréimhse bhailíochta an doiciméid sin).

3. **Doiciméid tiománaí shealadacha arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1280**

3.1. **Cártaí cáilíochta tiománaí arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/1280**

Aon duine ar mhian leis tosú ag obair mar thiománaí feithiclí áirithe bóthair chun earraí nó paisinéirí a iompar san Aontas, ní mór dó an cháilíocht tosaigh is gá a chur i gcrích de réir Threoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) sular féidir leis an méid sin a dhéanamh. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh freastal ar idir 140 agus 280 uair an chloig de chúrsaí agus pas a fháil i dtástáil a bheith i gceist leis an gcáilíocht tosaigh. Tiománaithe ar náisiúnaigh iad de Bhallstát agus iad siúd ar náisiúnaigh iad de thríú tír agus atá fostaithe nó in úsáid ag gnóthas atá bunaithe i mBallstát, is gá dóibh araon an cháilíocht tosaigh sin a fháil san Aontas (sa Bhallstát ina bhfuil a ngnátháit chónaithe sa chéad chás, agus sa Bhallstát ina bhfuil an gnóthas a fhostaíonn iad nó a d'eisigh cead oibre dóibh bunaithe sa dara cás). Tar éis an cháilíocht tosaigh a bheith curtha i gcrích go rathúil, eiseofar don tiománaí lena mbaineann deimhniú ar inniúlacht ghairmiúil lena ndeimhnítear an cháilíocht tosaigh.

I roinnt cásanna, na riachtanais a ghabhann le heisiúint deimhnithe ar inniúlacht ghairmiúil i dtríú tíortha, agus na coinníollacha chun na deimhnithe sin a eisiúint, tá siad ar aon dul leis na riachtanais agus na coinníollacha atá i bhfeidhm san Aontas. De bhun Airteagal 368(1) den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile, agus de bhun Iarscríbhinn XXXII a ghabhann leis ([8]), tá comhfhogasú déanta ag an Úcráin ar a dlí náisiúnta le forálacha Threoir 2003/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) (an Treoir a tháinig roimh Treoir (AE) 2022/2561) maidir le tiománaithe feithiclí bóthair atá ag gabháil d'oibríochtaí iompair idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, is féidir le Ballstáit nós imeachta mear a chur i bhfeidhm chun deimhniú ar inniúlacht ghairmiúil (CPC) arna eisiúint san Aontas a bhronnadh ar na tiománaithe sin faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/1280 má tá cárta cáilíochta tiománaí acu arna eisiúint ag an Úcráin agus má tá cosaint shealadach nó cosaint leordhóthanach acu faoin dlí náisiúnta. In ionad tabhairt faoin gcáilíocht tosaigh iomlán faoi Threoir (AE) 2022/2561, ní bheidh ar na tiománaithe sin ach tabhairt faoi oiliúint éigeantach chomhlántach idir 35 agus 60 uair an chloig sula n-eiseofar dóibh cárta cáilíochta tiománaí ar a bhfuil cód speisialta sealadach an Aontais '95.01 (6.3.2025 ar a dhéanaí)'a chiallaíonn *'Tiománaí a bhfuil CPC aige nó aici a chomhlíonann oibleagáid na hinniúlachta gairmiúla – eisiúint speisialta le haghaidh thréimhse na cosanta sealadaí amháin'*, nó sula marcálfar an cód speisialta sealadach céanna de chuid an Aontais ar a gceadúnas tiomána nó fianú tiománaí. Sealbhóirí na gcártaí cáilíochta tiomána, na gceadúnas tiomána nó na bhfianuithe tiomána sin, meastar gur chomhlíon siad an ceanglas is gá maidir le cáilíocht tosaigh éigeantach a bheith acu chun an ghníomhaíocht tiomána a dhéanamh.

([6]) Féach aithris 14 de Rialachán (AE) 2022/1280.

([7]) Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le cáilíocht tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí áirithe bóthar i gcomhair iompar earraí nó paisinéirí (IO L 330, 23.12.2022, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2561/oj).

([8]) IO L 161, 29.5.2014, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2014/295/oj.

([9]) Treoir 2003/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le cáilíocht tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil do thiománaithe feithiclí bóthair áirithe a úsáidtear chun earraí nó paisinéirí a iompar, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle agus Treoir 91/439/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 76/914/CEE ón gComhairle (IO L 226, 10.9.2003, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/59/oj).

Rud a bhfuil suntas ag baint leis, foráiltear le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2022/1280 mar a leanas:

'Gan dochar d'aon ghníomhartha de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir le fad na cosanta sealadaí, [...] is é an 6 Márta 2025 an dáta éaga do na cártaí cáilíochta tiománaí sin nó dóibh sin arna gceangal le cód sealadach speisialta an Aontais atá marcáilte ar na ceadúnais tiomána.

*Mar sin féin, **d'ainneoin an dáta a bheith marcáilte ar na doiciméid sin, comhfhreagródh a mbailíocht riaracháin d'fhad tréimhse na cosanta sealadaí i ndáil le daoine easáitithe ón Úcráin**, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2001/55/CE, nó d'fhad thréimhse na cosanta sealadaí leordhóthanaí faoin dlí náisiúnta don sealbhóir, nó do thréimhse bhailíochta an cheadúnais tiomána, cibé acu a thagann chun deireadh is luaithe. [...]'.*

3.2. **Ceadúnais tiomána arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/1280**

I gcás ina bhfuil a cheadúnas tiomána caillte ag duine a bhfuil cosaint shealadach nó cosaint leordhóthanacha aige nó aici faoin dlí náisiúnta, nó i gcás inar goideadh é, agus inar féidir na cearta tiomána a fuair an duine sin i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme san Úcráin a fhíorú, is féidir leis na Ballstáit ceadúnas tiomána ar mhúnla an Aontais a eisiúint don duine sin i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/1280. Agus an méid sin á dhéanamh ag na Ballstáit, marcálfaidh siad an ceadúnas tiomána le cód speisialta sealadach an Aontais '99.01 (6.3.2025 ar a dhéanaí)' i réimse 12, rud a chiallaíonn *'eisiúint speisialta nach bhfuil bailí ach ar feadh fad thréimhse na cosanta sealadaí (ceadúnas UA caillte nó goidte)'*.

Rud a bhfuil suntas ar leith ag baint leis, foráiltear mar a leanas le hAirteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2022/1280:

*'[…] Gan dochar d'aon ghníomhartha de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir le fad na cosanta sealadaí, [...] is é an 6 Márta 2025 an dáta éaga a bheidh ar cheadúnas tiomána den sórt sin. Mar sin féin, **d'ainneoin an dáta sin a bheith marcáilte ar cheadúnas tiomána den sórt sin, comhfhreagródh a mbailíocht riaracháin d'fhad thréimhse na cosanta sealadaí i ndáil le daoine easáitithe ón Úcráin**, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2001/55/CE, nó fad thréimhse na cosanta sealadaí nó na cosanta leordhóthanaí faoin dlí náisiúnta don sealbhóir, cibé acu is luaithe a thagann chun deireadh. [...]'*

4. **Cur i bhfeidhm Airteagail 4 agus 6 de Rialachán (AE) 2022/1280 i bhfianaise an tsínte tar éis an 6 Márta 2025 a cuireadh le tréimhse na cosanta sealadaí i gcás daoine a easáitíodh ón Úcráin**

Na doiciméid tiománaí shealadacha arna n-eisiúint ag an Úcráin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1280 do dhaoine easáitithe ón Úcráin a bhfuil cosaint shealadach nó cosaint leordhóthanach acu faoin dlí náisiúnta, is léir ó na forálacha dá dtagraítear i bpointe 3 go bhfuil siad bailí fad a mhaireann an chosaint shealadach nó an chosaint leordhóthanach faoin dlí náisiúnta, gan beann ar an dáta atá marcáilte ar na doiciméid sin ('*d'ainneoin*' an dáta sin) ([10]). Mar a luaitear go sonrach sna hairteagail sin, '**comhfhreagróidh**' bailíocht riaracháin na ndoiciméad sin d'fhad na cosanta sealadaí.

Luíonn sé le réasún gur gá an frása a ghabhann le cóid speisialta shealadacha an Aontais '95.01' agus '99.01' ('(6.3.2025 ar a dhéanaí)') a chur isteach sna doiciméid shealadacha arna n-eisiúint faoi Rialachán (AE) 2022/1280 i gcomhréir lena Airteagal 4(1) agus Airteagal 6(2) i bhfianaise phríomhfhoráil sin an Rialacháin sin ag a bhfuil tosaíocht.

Cur i bhFeidhm Praiticiúil

Agus raon feidhme agus cuspóirí Rialachán (AE) 2022/1280 á gcur san áireamh, agus chun cur i bhfeidhm comhleanúnach a forálacha a áirithiú fad nach fios cén t-uasfhad a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh cosaint shealadach i ndáil le daoine easáitithe ón Úcráin, measann an Coimisiún, chun aon éiginnteacht dhlíthiúil a laghdú, nár cheart úsáid chóid speisialta shealadacha an Aontais '95.01' agus '99.01' arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1280 a chomhlánú leis an bhfrása '(6.3.2025 ar a dhéanaí)'a thuilleadh.

([10]) Ach amháin má thagann deireadh níos luaithe le bailíocht riaracháin na ndoiciméad sin ar chúiseanna eile, mar a leagtar síos in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2022/1280. Mar shampla, d'fhéadfaí tréimhse bhailíochta riaracháin na gceadúnas tiomána a bhfuil cód speisialta an Aontais '95.01' marcáilte orthu a bheith níos giorra ná tréimhse na cosanta sealadaí.

Cé go raibh an dáta éaga is déanaí sin le feiceáil go dtí seo ar na doiciméid tiománaí shealadacha chun forfheidhmiú a éascú, níl sé sin riachtanach ná éifeachtach chun na gcríoch sin a thuilleadh. Thairis sin, níl an baol ann go mbainfí míthuiscint as toisc nach n-eisítear na cóid speisialta shealadacha sin de chuid an Aontais ach amháin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1280 agus le haghaidh fhad a chur i bhfeidhm. (Tá an méid sin gan dochar don fhíoras go bhféadfadh deireadh níos luaithe teacht le bailíocht riaracháin na ndoiciméad sin ar chúiseanna eile, mar a leagtar síos in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2022/1280).

D'fhonn míthuiscintí a d'fhéadfaí a bheith ann a sheachaint i leith chur i bhfeidhm Airteagail 4 agus 6 de Rialachán (AE) 2022/1280, measann an Coimisiún go mba cheart do na Ballstáit a bheith faoi threoir na bpointí seo a leanas dá réir sin:

— Níl aon leas le baint a thuilleadh as an bhfrása '(6.3.2025 ar a dhéanaí)' a chur le cóid speisialta shealadacha an Aontais '95.01' agus '99.01' arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 6 de Rialachán (AE) 2022/1280 faoi seach.

— Mar an gcéanna, i gcásanna ina bhfuil an frása sin curtha le doiciméid tiomána ábhartha cheana, níl tábhacht dhlíthiúil reatha leis agus tá sé imithe as feidhm.

— Bailíocht riaracháin na gcártaí cáilíochta tiomána ar a bhfuil cód speisialta sealadach an Aontais '95.01' nó na gceadúnas tiomána nó na bhfianuithe tiomána ar a bhfuil an cód céanna marcáilte, tá sé le léirmhíniú sa chaoi **go gcomhfhreagraíonn sí d'fhad na cosanta sealadaí** i leith daoine easáitithe as an Úcráin (fiú má mhaireann sin i ndiaidh 6 Márta 2025), d'fhad na cosanta leordhóthanaí de réir dhlí náisiúnta an tsealbhóra, nó d'fhad thréimhse bhailíochta an cheadúnais tiomána, cibé acu is luaithe a thagann deireadh leis.

— Bailíocht riaracháin na gceadúnas tiomána ar a bhfuil cód speisialta sealadach an Aontais '99.01', tá sé le léirmhíniú sa chaoi **go gcomhfhreagraíonn sí d'fhad na cosanta sealadaí** i leith daoine easáitithe as an Úcráin (fiú má mhaireann sin i ndiaidh 6 Márta 2025), nó d'fhad na cosanta leordhóthanaí de réir dhlí náisiúnta an tsealbhóra cibé acu a thagann chun deireadh is luaithe.

— Na Ballstáit a bhfuil Airteagail 4 agus/nó 6 de Rialachán (AE) 2022/1280 curtha i bhfeidhm acu nó atá ar tí é/iad a chur i bhfeidhm, ba cheart dóibh cóid speisialta shealadacha an Aontais a mharcáil ar na doiciméid tiomána shealadacha amach anseo gan dáta éaga a chur leo.